# STÁISIÚIN GARDA CÓSTA FHINE GHALL Á NDÓ

**18 MEITHEAMH 1921**

*"The Coast Guard stations were conspicuous all round the Irish Coast. A great deal of time was spent keeping them spic and span, much use being made of whitewash"*

Edmond P. Symes



An Gardaí Cósta, Baile Brigín, thart ar an mbliain 1890
Le caoinchead ó Cumann Staire Cheantar Bhaile Brigín



An Garda Cósta, Binn Éadair, thart ar an mbliain 1910
Le caoinchead ón tUasal Kevin Rickard

## Stair Gharda Cósta na hÉireann

**Le linn Chogaí Napoléon (1803-1815) bhí go leor smugláil ar siúl sna uiscí in oirthear agus deisceart na hÉireann. Mar iarracht aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb, bhunaigh Rialtas na Breataine an Garda Coisctheach Uisce sa bhliain 1809. D'úsáid na Gardaí báid bheaga ar an gcósta chun stop a chur le smugálaithe a raibh tar éis éalú ó longa loncaim amuigh ar an bhfarraige. Cé go raibh Oifigigh Custaim ann ar an talamh chomh maith, ba chosúil nach raibh an fhreagairt sin ag tabhairt aghaidhe ar an bhfadhb agus lean an smugláil.**

Faoin mbliain 1819, bhí faoi na Coimisinéirí Custaim i mBaile Átha Cliath cabhair a lorg ó Ard-Reachtaire an Gharda Uisce, agus sheol sé a ionadaí, an Ginearál James Dombrain, go hÉirinn. Chuaigh Dombrain go dtí iardheisceart Chorcaigh i dtosach, áit a chur sé tús leis an nGarda Uisce ann a atheagrú. Bhunaigh sé tuilleadh stáisiún agus chuir sé le líon na bhfear trí iar-oifigigh cabhlaigh a fhostú. Bhí rath ar an turgnamh agus d'fhéach Dombrain leis an rud céanna a dhéanamh fud fad chósta na hÉireann. Cinneadh go gcuirfear na stáisiúin Garda Cósta in Éirinn níos giorra dá chéile ná na cinn i Sasana, agus go mbeadh criúnna níos mó diontu. I mBaile Átha Cliath, bhí na stáisiúin níos cóngaraí dá chéile arís, ós rud é go raibh go leor smuglála ar siúl ann.

Sa bhliain 1822, cónascadh an Garda Coisctheach Uisce, cuitéir loncaim agus na hOifigigh Custaim araon isteach sa Gharda Cósta faoin mBord Custaim, agus thug siad faoi sraith stáisiún a thógáil timpeall chósta na hÉireann.

Cosaint ioncaim a bhí mar ról ag an nGarda Cósta i dtosach, ach mar a laghdaigh smugláil le himeacht ama, agus tar éis don Gharda teacht faoi bhráid na hAimiréalachta sa bhliain 1856, thug an Garda Cósta faoi ról nua agus é mar aidhm aice cósta na hÉireann a chosaint agus é ag feidhmiú mar Chúltaca Cabhlaigh. Chuir Bord na nOibreacha (Oifig na nOibreacha Poiblí sa lá atá inniu ann), a bhí freagrach as na stáisiúin reatha a choinneáil, tús le foirgnimh níos mó a thógáil, ina raibh dhá urlár. Sraithe tithe cloiche le túr breathnadóireachta orthu a bhí sna foirgnimh sin, agus is féidir iad a aithint go héasca inniu. Faoin mbliain 1860, bhí 200 stáisiún Garda Cósta timpeall na hÉireann.

Bhí 11 stáisiún Garda Cósta i bhFine Gall i mBaile Brigín, na Sceirí, Loch Sionnaigh, an Ros, Baile Roiséir, Reachrainn, Port Reachrainn, Mullach Íde/Ballaí Robac, Baile Dúill, Cill Fhionntain agus Binn Éadair. Bhí iar-phearsanra cabhlaigh i bhfeighil orthu, agus thar na blianta ghlac na pobail áitiúla leis na fir.

Le linn Cogadh na Saoirse (1919-1921), scriosadh cuid mhór de na stáisiúin Garda Cósta. Bhíothas den tuairim go raibh siad mar chuid d'údarás na Breataine, agus ar an mbonn sin targaidí dlisteanacha a bhí iontu. Bogadh na Gardaí Cósta agus a dteaghlaigh ar ais chun na Breataine. Tar éis shíniú an Chonartha Angla-Éireannaigh ag deireadh na bliana 1921, tháinig an Garda Cósta agus 109 stáisiún faoi sheilbh Shaorstát na hÉireann, agus ainmníodh an tSeirbhís Tarrthála Cósta air. Níor atógadh cuid mhór de na stáisiúin toisc go ndearnadh an-damáiste dóibh, agus aistríodh cuid eile ina dtithe príobháideacha. Sna blianta ina dhiaidh sin, tháinig go leor athruithe ar ainm na seirbhíse – An tSeirbhís Tarrthála Cósta agus Aille agus Seirbhís Éigeandála Muirí na hÉireann – sular athraíodh an t-ainm go dtí Garda Cósta na hÉireann sa bhliain 2009.



Cairt Roicéad Na Sceirí
Le caoinchead ó Garda Cósta na hÉireann, Na Sceirí

Is gaireas tarrthála an Chairt Roicéad. Úsáidtear roicéad chun téad éadrom a scaoil ar long i nguais. Úsáidtear an téad sin chun trealamh agus téada níos troime a tharraingt ar bord an long. Bhí soláthair gaireas tarrthála sa Chairt Roicéad agus de ghnáth is cairt capaill a bhí ann. Tá Cairt Roicéad Na Sceirí ar iasacht faoi láthair do Comhairle Contae Fhine Gall.

## Feidhmeanna Gharda Cósta na hÉireann

**Smugláil a Smachtú**
Faoi na 1830aí, bhí laghdú mór tagtha ar an smugláil a mbíodh ar siúl sna huiscí in ndeisceart agus iarthar na hÉireann.

**Cúltaca Cabhlaigh**
Ó na 1850aí ar aghaidh, bhí sé mar phríomhról ag an nGarda Cósta cóstaí na hÉireann a chosaint agus tacaíocht a sholáthar dó Chabhlach na hÉireann sa gcás ina mbeadh cogadh nó éigeandáil ann.

**Tarrtháil ar an bhFarraige**
Le linn an 19ú aois, thug an Garda Cósta cúnamh tarrthála do go leor longa ar raibh i mbaol agus sábháladh go leor beatha.

**Longa Briste a Chosaint**
Faoin nGarda Cósta a bhí sé longa briste a chosaint ó chreachadh.

**Fhóirithint ar Ghorta**
Le linn gach gorta ó 1830 go dtí deireadh an 19ú aois, bhí an Garda Cósta bainteach le fóirithint a sholáthar, go háirithe ar chósta thiar na hÉireann.

**Iascaireacht**
Baineadh úsáid as faisnéis monatóireachta arna bailiú ag an nGarda Cósta chun tuairisciú a dhéanamh ar staid iascaigh in Éirinn.

**Smugláil Arm a Chosc**
Le linn thús an 20ú aois, bhí an Garda Cósta freagrach as smugláil arm ag Óglaigh na hÉireann a chosc.



An Garda Cósta, Binn Éadair, thart ar an mbliain 1910
Le caoinchead ón tUasal Kevin Rickard

libraries.
fingal.ie

# STÁISIÚIN GARDA CÓSTA FHINE GHALL Á NDÓ

**18 MEITHEAMH 1921**



### Baile Brigín

Bhí Stáisiún Garda Cósta Bhaile Brigín, ar bunaíodh é sna 1820aí, lonnaithe sa Túr Martello, agus bhí tithe na n-oibrithe in aice láimhe. Sa bhliain 1864 tógadh stáisiún nua ag Na Bruacha in aice leis an Túr Martello ar chostas £2,500. Tógadh le carraig agus brící dearga é, agus bhí túr agus teach bád ann ina raibh spás i gcomhair ochtar fir agus a dteaghlaigh. Ar oíche Chreachadh Bhaile Brigín, chuaigh go leor mná agus leanaí go dtí an Stáisiún Garda Cósta chun tearmann a lorg. Ní dhearnadh ionsaí ar an stáisiún ar an 18 Meitheamh 1921 os rud é go raibh sé chomh cóngarach sin do Champa Bhaile Mhic Gormáin, áit a raibh beairic mhór de chuid Chonstáblacht Ríoga na hÉireann lonnaithe. Scriosadh an stáisiún go luath ar maidin ar an 31 Eanáir 1923. D'fhan na ballóga céanna ann ar feadh roinnt blianta, agus ba mhinic go rachadh leanaí áitiúla ag súgradh iontu. Faoi dheireadh, leagadh iad agus le blianta beaga anuas tógadh páirc áitiúil le clós súgartha do leanaí ar an láthair.



### Na Sceirí

Tógadh an chéad Stáisiún Garda Cósta sna Sceirí ag an Oileán Rua sa bhliain 1822. Bhí dhá fhir déag ag obair ann. Túr breathnadóireachta dhá urlár a bhí sa stáisiún, le stórtha ar an dá thaobh. Bhí na tithe cónaithe lonnaithe taobh thiar den túr. Bhí seomra mór ann ar an mbunurlár, le doirse móra a d'oscail amach i dtreo na farraige. Stóráladh na báid agus trealamh ann. Os cionn sin, bhí an seomra breathnadóireachta le fuinneog mhór a bhreathnaigh amach ar an muir. Le linn na 1850aí tógadh sraith tithe taobh thiar den túr. Scrios Óglaigh na hÉireann an túr ar an 18 Meitheamh 1921 agus d'imigh na Gardaí agus a dteaghlaigh ar ais chun na Breataine. Cé gur lean an tseirbhís tar éis 1923, le ceithre fhir déag áitiúla ag obair ann, níor tógadh an stáisiún reatha go dtí na 1960aí, in aice leis an áit ina raibh an chéad stáisiún lonnaithe. Tógadh é le bloic coincréite agus coincréit réamhtheilge. Tá an struchtúr nach mór mar an gcéanna go fóill sa lá atá inniu ann, cé gur rinneadh nuachóiriú air ó shin. Tá Leac Cuimhneacháin Mara na Sceirí le feiceáil ar an láthair ina raibh a chéad stáisiúin suite. Mhaireann cairt Gharda Cósta na Sceirí, ar úsáideadh í chun trealamh tarrthála a iompar go dtí láithreacha tionóisce, go fóill inniu, agus tá sí ar taispeáint anois ag Newbridge House and Farm, Domhnach Bat.



### Loch Sionnaigh

Thóg Bord na nOibreacha an Stáisiún Garda Cósta i Loch Sionnaigh sa bhlian 1863. Foirgneamh dhá urlár a bhí ann le díon slinne, agus bhí sé roinnte i gceithre aonad, agus trí sheomra in ngach ceann. Bhí na doirse isteach lonnaithe ar chúl an fhoirgnimh. Bhí lóistín ann do cheithre theaghlach. Tógadh teach bád agus slip ag an gcuan. Sa bhliain 1921, chinn Óglaigh na hÉireann go mbeadh Cuan Loch Sionnaigh oiriúnach chun líon mór gunnaí agus armlón a thabhairt i dtír. Chun deimhin a dhéanamh de go mbeifí in ann an plean sin a chur i gcrích, rinneadh ionsaí ar Stáisiún Loch Sionnaigh agus cúig stáisiún eile sa cheantar máguaird ar an 18 Meitheamh 1921, agus dódh go talamh iad. Níor atógadh an stáisiún i Loch Sionnaigh.



### An Ros

Tógadh Stáisiún Garda Cósta an Rois don chéad uair sa bhliain 1821, in aice leis an gcuan. Foirgneamh mór dhá urlár a bhí ann, le túr breathnadóireachta agus teach bád. Sa bhliain 1894, cuireadh leis an stáisiún chun lóistín a sholáthar do cheithre theaghlach. Rinne Óglaigh na hÉireann ionsaí ar Stáisiún Garda Cósta an Rois ar an 18 Meitheamh 1921 agus scriosadh é. Níor atógadh é ina dhiaidh sin agus leagadh na ballóga sa bhliain 1948. Thóg garraíodóir áitiúil, Brendan Dunne, páirc phoiblí ar an láthair. Tá roinnt de na ballaí agus na céimeanna a chuaigh anuas i dtreo an tí bád ina chuid den pháirc anois.



### Reachrann

Tógadh an Stáisiún Garda Cósta i Reachrann sa bhliain 1822, agus bhí túr breathnadóireachta dhá urlár agus lóistín don Chaptaen ann. Bhí roinnt teachíní ann freisin, ina raibh cónaí ar ochtar fir. Tógadh na foirgnimh ar fad ó charraig a baineadh go háitiúil. Dhún an stáisiún sa bhliain 1907 agus seoladh na fir go háiteanna eile. Go luath sna 1910aí, rinne Edwin Lutyens, an t-ailtire, athchóiriú ar na teachíní agus ar na foirgnimh eile. Tá lóistín ar fáil iontu sa lá atá inniu ann do chuairteoirí ar an oileáin.

### Baile Roiséir

Tógadh Stáisiún Garda Cósta Bhaile Roiséir sa bhliain 1864. Fo-stáisiún beag a bhí ann agus bhí seisear gardaí agus a dteaghlaigh ina gcónaí ann. Rinne Óglaigh na hÉireann ionsaí air ar an 18 Meitheamh 1921 agus dódh an stáisiún. Ceannaíodh é sa bhliain 1935 agus aistríodh é ina lóistín do dhá theaghlach. Bhí an bunfhoirgneamh déanta as carraig, agus cuireadh plástar agus díon slinne air. Díoladh ceann de na tithe sa bhliain 2015 agus cuireadh síneadh leis.





### Port Reachrann

Tógadh Stáisiún Garda Cósta Phort Reachrann don chéad uair sa bhliain 1822, agus fo-stáisiún beag a bhí ann ina raibh cúigear fir lonnaithe. Faoi chasadh an chéid bhí deisiúcháin de dhíth air. Chinn Bord na nOibreacha stáisiún nua a thógáil ar láthair nua, ag breathnú amach ar an gcuan. Thóg John Howard Pentland sraith nua tithe ann, agus rinne an fear céanna athchóiriú ar Ardoifig an Phoist ina dhiaidh sin - tháinig deireadh leis an obair sin coicís sular thosaigh Éire Amach na Cásca sa bhliain 1916. Tógadh an stáisiún nua in aice leis an Túr Martello sa bhliain 1912, ach scrios Óglaigh na hÉireann é ar an 18 Meitheamh 1921. Níor atógadh an stáisiún, agus díoladh na tithe mar thithe príobháideacha. Ceannaíodh Teach an Chaptaein sa bhliain 2009 agus rinneadh athchóiriú iomlán air.



### Mullach Íde/Port Mearnóg

Bunaíodh an chéad Stáisiún Garda Cósta i Mullach Íde ag an bhFaiche sa bhliain 1821. Bhí na fir ina gcónaí i sraith tithe dhá urlár in aice an Faiche. Bhí crann brataí ar an bhFaiche agus cúirt liathróide agus teach bád ar thaobh na láimhe deise. Ar chúiseanna nach bhfuil soiléir, cinneadh stáisiún nua a thógáil agus sa bhliain 1866 tógadh stáisiúin mór, suite ar dronuillinn leis an aill, ag Ballaí Robac. Bhí túr breathnadóireachta, oifig, teach don Phríomhoifigeach, agus lóistín do sheisear baill foirne agus a dteaghlaigh sa stáisiún. Dhún an stáisiún ag an bhFaiche sa bhliain 1907 agus bhí an ceann ag Ballaí Robac mar an bpríomhstáisiún as sin amach. Leagadh an sraith tithe ann ag deireadh na 1990aí. D'ionsaigh Óglaigh na hÉireann stáisiún Bhallaí Robac ar an 18 Meitheamh 1921 agus scrios siad é. Níor atógadh an stáisiún agus leagadh é ina dhiaidh sin. Níl le feiceáil ann anois ach cuid den bhalla in aice na bóithre atá ag gabháil tríd an láthair.



### Baile Dúill

Sa bhliain 1761, d'aistrigh báirse a úsáideadh chun smugláil a chosc ó Phort Reachrann go Baile Dúill, nuair a tharla nach raibh áit cónaithe le fáil ag an gcriú i bPort Reachrann. Lean an báirse sin ag oibriú ó Bhaile Dúill, agus na fir ina gcónaí i dteach ar Shráid Bhaile Átha Cliath, go dtí go ndearna James Dombrain athchóiriú ar an Seirbhís Garda Cósta. Bhí an chéad stáisiún, ar tógadh é sa bhliain 1831, an-bheag. Túr cearnógach breathnadóireachta dhá urlár a bhí ann, lonnaithe in aice an chladaigh. Bhí seomra mór ann ar an mbunurlár le doirse móra a d'oscail amach i dtreo na mara, inar cuireadh na báid agus an trealamh. Os cionn sin bhí seomra breathnadóireachta agus bhí na hoifigí agus lóistín suite ar chúl. Sa bhliain 1862, chuir Bord na nOibreacha dhá sraith tithe leis an mbunstáisiún. Bhí ocht dteach ann, le cúig seomra i ngach ceann, agus teach don oifigeach ina raibh sé sheomra. Dhún an stáisiún ar an 8 Aibreán 1909 agus cuireadh ar ceant é sa bhliain 1910. Níor ceannaíodh an stáisiún agus go luath ina dhiaidh sin cuireadh na tithe amach ar cíos do thionóntaí Bhardas Bhaile Átha Cliath. Bhí siopa lonnaithe sa theach bád ar feadh 100 bliain ina dhiaidh sin, ach tá teach príobháideach ann anois.



### Binn Éadair

Sa bhliain 1825, tugadh an Túr Martello don Gharda Coiscthe Mara le húsáid mar bhunáit. Láthair iontach a bhí ann le monatóireacht a dhéanamh ar bháid amuigh ar an bhfarraige. Bhain an Garda Cósta úsáid as an láthair céanna suas go dtí 1897. Sa bhliain 1818, ainmníodh Binn Éadair ina phríomhláthair poist do bhaile Átha Cliath, agus théadh an bád poist idir Binn Éadair agus Hollyhead. Faraor, chruthaigh líon an síolta sa chuan fadhbanna do na báid agus sa bhliain 1837 bogadh an tseirbhís poist go dtí an cuan nua ag Dún Laoghaire. Tógadh an Stáisiún Garda Cósta ar an gCé Thiar sna 1840aí. Bhí túr breathnadóireachta dhá urlár ann agus sraith tithe ann. Bhí fuinneoga móra ann ar trí thaobh den túr chun go mbeifí in ann monatóireacht a dhéanamh ar a raibh ag tarlú amuigh ar an bhfarraige. Stáisiún mór a bhí i mBinn Éadair, agus níos mó ná dhá gharda dhéag agus a dteaghlaigh ina gcónaí ann. Ar an 21 Meitheamh 1921, tugadh ordú d'Óglaigh na hÉireann ionsaí a dhéanamh ar an Stáisiún Garda Cósta ar an gCé Thiar Bhí deichniúr fir sa pháirtí ionsaithe. Baineadh gach duine ón stáisiún agus cuireadh trí thine é. Níor atógadh an stáisiún agus leagadh é sa bhliain 1928. Tá Stáisiún Gharda Cósta Bhinn Éadair suite ar an gCé Thiar go fóill sa lá atá inniu ann.



### Cill Fhionntain

Thóg Bord na nOibreacha an Stáisiún Garda Cósta agus na tithe ag Cill Fhionntain i lár an 19ú céad. Níor tógadh na foirgnimh in aon bhabhta amháin, ach i gcéimeanna éagsúla idir 1856 agus 1862. Sa bhliain 1856 tógadh ceithre theach agus túr breathnadóireachta don cheathrar fir a bhí lonnaithe ann. Cuireadh na príomhdhoirse ar fad ar an taobh ó thuadh de na tithe, ionas nach mbeadh siad ag féachaint amach ar an bhfarraige. Bhí spás glas ann ar thaobh na mara, agus bhí an crann brataí suite ansin. Bhí túr dhá urlár ann, ina raibh stór ar an mbunurlár agus seomra breathnadóireachta ar an dara urlár, agus na céimeanna isteach suite ar chúl an fhoirgnimh. Tógadh an cúigiú teach sa bhliain 1861, agus tógadh na trí theach dheireanacha sa bhliain 1862. Dhún an stáisiún, a raibh ina fo-stáisiún den stáisiún i mBaile Dúill, sa bhliain 1908. Ba é an tUasal Smith an bádóir deireanach a bhí i bhfeighil ar an stáisiún. Sa bhliain 1909, chuir an Bean Aberdeen, bean chéile Fhéar Ionaid an Rí in Éirinn, feachtas ar bun chun go n-úsáidfí an seanstáisiún mar shanatóir d'othair le heitinn. Níor éirigh leis an bhfeachtas os rud é gur chuir an pobal áitiúil ina choinne go láidir. Níor dhearnadh ionsaí ar Stáisiún Garda Cósta Chill Fhionntain le linn Chogadh na Saoirse, agus faoi dheireadh aistríodh na foirgnimh isteach ina dtithe príobháideacha. Thar na blianta, rinneadh athchóiriú agus nuachóiriú ar an sraith tithe. Tá an tArdán Martello, mar a thugtar air sa lá atá inniu ann, ina eiseamláir de stáisiún arna dhearadh ag Bord na nOibreacha, agus tá an-tóir ar an láthair anois i gCill Fhionntain.

libraries.fingal.ie

# STÁISIÚIN GARDA CÓSTA FHINE GHALL Á NDÓ

**18 MEITHEAMH 1921**

*"Collins told us that the military situation was very critical, that our supply of arms was run out and that, unless something very drastic was done soon, we could no longer carry on the fight"*

Michael Lynch, O/C Fingal Brigade, IRA



Anraí Ó Beoláin, Micheál Ó Coileáin agus Éamon de Valera

Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall



An IRA ag cleachtadh le meaisínghunnaí Thompson, 1921

Le caoinchead ó Irishvolunteers.org

## Smugláil Arm

**Sa bhliain 1916, tháinig an Briogáidire-Ghinearál John T. Thompson, ceann Rannóg Ordanáis Arm na Stát Aontaithe, agus an cumadóir John Bell Bish, a bhí ina iar-Cheannasaí Cabhlaigh, le chéile agus bhunaigh siad beirt an Auto-Ordnance Company, an comhlacht a d'fhorbair an meaisínghunna Thompson. Bhí an Gael-Mheiriceánach Thomas Fortune Ryan i measc phríomhurrathóirí an chomhlachta - milliúnaí ab ea é agus bhí sé ina bhall mór le rá de Chlan na Gael.**

Chuaigh Éamon de Valera agus Harry Boland go Meiriceá sa bhliain 1919 chun aitheantas oifigiúil a lorg do Saorstát na hÉireann tar éis a bhunaithe, agus chun tuilleadh airgid a bhailiú ar son na cúise. Agus iad thall, chuala Boland trácht ar na meaisínghunnaí Thompson agus rinne sé teagmháil le Micheál Ó Coileáin in Éirinn. Bhí ganntanas tromchúiseach arm ann i measc aonad fiannais Óglaigh na hÉireann an t-am sin. Bhí siad ag tabhairt aghaidhe ar arm proifisiúnta, dea-fheistithe agus bheadh cumhacht lámhaigh de dhíth orthu chun go mbeadh siad in ann dul chun cinn a dhéanamh i gcoinne arm na Breataine. Bhí an meaisínghunna Thompson foirfe chun na críche sin.

Rinne Harry Boland teagmháil le Thomas Fortune Ryan agus cuireadh tús le plean meaisínghunnaí Thompson a cheannach agus a chur ar ais go hÉirinn. I gcaitheamh na míonna, bhailigh Clan na Gael taisce mhór meaisínghunnaí Thompson. Ag an am céanna, smuigleáladh líon beag fo-mheaisínghunnaí ar na longa paisinéirí an S.S. Celtic agus S.S. Baltic, agus thaistil siad ó Nua-Eabhrac go Learpholl. Ansin chuir Óglaigh Learpholl go hÉirinn iad.

Faoi mhí Bealtaine 1921, bhí líon beag gunnaí tar éis a mbealach a dhéanamh go hÉirinn, mar aon le beirt iar-oifigigh ó arm na Stát Aontaithe a thug oiliúint do bhaill Óglaigh na hÉireann maidir le conas iad a úsáid. Trialadh na gunnaí iad don chéad uair sa tollán faoin Casaíne i Marino, agus dream beag ar leith Óglach i láthair, Micheál Ó Coileáin agus Richard Mulcahy ina measc. Baineadh úsáid astu i gcomhrac don chéad uair ar an 16 Meitheamh 1921, nuair a rinneadh luíochán roimh thraen ina raibh trúpaí de chuid na Breataine á n-iompar ag stáisiúin Dhrom Conrach. Gortaíodh triúir saighdiúirí agus dúradh sna nuachtáin go raibh na carráistí traenach "fágtha ina ribíní".



An Casino, Marino

Le caoinchead ó Oifig na nOibreacha Poiblí



Tollán ag an Casino, Marino

Le caoinchead ó Oifig na nOibreacha Poiblí

## Loch Sionnagh á Roghnú

Ag deireadh mhí Aibreáin 1921, ag Óstán Vaughan, bhuail Micheál Ó Coileáin le Seamus Finn, Leascheannasaí agus Stiurthóir Traenála Rannán Thoir Óglaigh na hÉireann, agus dúirt sé leis gur ceannaíodh 1,000 meaisínghunna Thompson i Meiriceá. Bhí formhór na n-arm le smuigleáil go hÉirinn ar bord an East Side, long lastais a bhí á n-oibiriú ag Irish White Cross, gníomhaireacht fóirithinte, a raibh gual á iompar aici idir Nua-Eabhrac agus Baile Átha Cliath. Bhí an East Side ceaptha teacht i dtír i mBaile Átha Cliath ar an 27 Meitheamh 1921.

Dúirt Ó Coileáin le Finn go mbuailfeadh luamh leis an long ar muir. Bhí sé de fhreagracht ag Finn cuairt a thabhairt ar Fhine Gall agus suirbhéireacht a dhéanamh ar an líne cósta idir Baile Brigín agus Baile Átha Cliath chun suíomh cuí a aimsiú chun go mbeadh an luamh in ann teacht i dtír agus chun go mbeifear in ann na hairm agus armlón a fháil. Bhí sé ráite ag Ó Coileáin le Micheal Lynch, an tOifigeach i gCeannas ar Bhrainse Fhine Ghall d'Óglaigh na hÉireann, go raibh na hairm le cur i gcairteacha capaill agus le tógáil chomh fada le Baile Átha Troim faoi cheilt an dorchadais. Ansin, bhí siad le dáileadh amach chuig Briogáid Bhaile Átha Cliath agus Briogáid Fhine Gall. Beartaíodh gan ghluaisteáin a úsáid chun na gunnaí a iompar ar eagla go gcuirfeadh na soilse fios ar na húdaráis go raibh rud éigin ag tarlú.

Thaistil Finn ó Dhún Buinne go dtí an Seanbhaile i dtuaisceart Chontae Átha Cliath, agus bhuail sé le fir ó Bhriogáid Fhine Gall ann. Bhí Micheal Lynch, an tOifigeach i gCeannas agus Michael Rock, an Leasoifigeach i gCeannas ina measc. Sna laethanta ina dhiaidh sin, chuaigh Rock agus Finn i mbun suirbhéireachta, agus cé go raibh an cuan i Loch Sionnaigh an-oiriúnach chun an plean a chur i gcrích, chuir siad scéala chuig Ó Coileáin le rá nach raibh "seans dá laghad ann go mbeifear in ann gabhar a thabhairt i dtír ó Reachrann, gan trácht ar sheachadadh arm" ós rud é go raibh cosaint chomh láidir ann ar chósta Átha Cliath. Bhí sraith de stáisiúin Garda Cósta lonnaithe go straitéiseach fud fad an chósta, agus bhí gach bealach isteach á gcosaint acu. Bhí líne teileafóin ann idir na stáisiúin, agus bhí na gardaí iontu armtha le raidhfilí agus le bladhmanna chun éigeandáil a chur in iúl. Bhí gach stáisiún ar amharc dhá cheann eile. Dúirt Finn le Ó Coileáin nach raibh bealach ar bith ann go bhféadfaí na gunnaí a thabhairt i dtír agus na Stáisiúin Garda Cósta ann. Mar fhreagairt, dúirt Ó Coileáin "Faigh réidh leo, mar sin". Cuireadh pleananna ar bun chun ionsaí comhuaineach a dhéanamh, agus rinne Óglaigh áitiúla monatóireacht ar na stáisiúin Garda Cósta chun go mbeadh siad ar an eolas maidir lena raibh ag tarlú iontu nuair a thiocfadh uair an aicsin.

libraries.fingal.ie

# STÁISIÚIN GARDA CÓSTA FHINE GHALL Á NDÓ

**18 MEITHEAMH 1921**


Even 365 brushings will not remove as much dirt and dust as one cleaning by the popular PRESCOTT PROCESS Send us your old suits to-day

TELEGRAMS: "HERALD," DUBLIN." EDITORIAL TELEPHONE: 104

SATURDAY HERALD

VOL. 30. NO. 144. DUBLIN, SATURDAY, JUNE 18, 1921. PRICE THREE HALFPENCE.

£1 TO £1,000 ADVANCED ON DEMAND AT KELLY'S GREAT CENTRAL MONEY OFFICE. 43 FLEET STREET (WESTMORELAND ST.), DUBLIN, on Deposit Silver, Old Sheffield Plate, Glass, Pianos, and every variety of Ch[illegible] Property. Full value remitted on receipt of goods from all parts.

Six Coastguard Stations Ablaze in County Dublin

Evening Herald, an 18 Meitheamh 1921

Le caoinchead ó Chartlann Nuachtán na hÉireann

## Cósta Bhaile Átha Cliath á Dhó

**Bhí níos mó ná 30 fear ó Bhriogáid Fhine Gall páirteach i bplean a leagadh amach go mion cúramach chun gach stáisiún Garda Cósta idir na Sceirí agus Mullach Íde a scriosadh.**

Roinneadh na fir ina ngrúpaí beaga, ceann do gach stáisiún, agus bhíodar armtha le raidhfilí agus gunnáin. Tháinig tacaíocht breise ó na hóglaigh áitiúla a bhí ag cur fúthu i mBaile Brigín, sna Sceirí, san Aill, sa Chorr Dhubh, i bPort Reachrann, i Sord, i Mullach Íde, i gCionn Sáile agus i Seantrabh, agus bhí cuid eile ina scabhtaí agus ina treoraithe freisin.

Ag meán oíche ar an 18 Meitheamh 1921, rinne grúpaí óglach a mbealach go ciúin i dtreo na stáisiún Garda Cósta sna Sceirí, i Loch Sionnaigh, sa Ros, i mBaile Roiséir, i bPort Reachrann agus i Mullach Íde, iad réidh le dul i mbun ionsaithe chomhuanaigh. Ghearr siad na línte teileafóin chun deimhin a dhéanamh de nach mbeadh duine ar bith in ann an gháir a shéideadh, agus luigh siad i bhfolach. Nuair a tugadh an t-ordú, thug siad ruathar faoi na stáisiúin agus síos an chósta, agus tháinig siad de phreab ar na Gardaí Cósta. Dúradh leis na Gardaí agus lena dteaghlaigh, a raibh cónaí orthu ar na láthair, imeacht láithreach agus cuireadh na stáisiúin trí thine. Le hardú na gréine an mhaidin dár gcionn, bhí a raibh fágtha de na stáisiúin ag dó go fóill.

Sna ráitis a thug siad don Bhiúró Staire Míleata, rinne James Crenegan agus John Gaynor cur síos ar an ionsaí a rinneadh ar stáisiún Garda Chósta Bhaile Roiséir. Tar éis dóibh taisteal ó Bhaile na Móna in aice le Sord, tháinig 16 fear isteach i mBaile Roiséir agus bhuail siad leis na hóglaigh áitiúla, a raibh pairifín faighte acu chun an stáisiún a chur trí thine. Gearradh na línte teileafóin agus d'fhan roinnt breathnadóirí siar. Fo-stáisiún beag a bhí i mBaile Roiséir, ina raibh ceathrúna do dhaoine pósta agus roinnt stórtha. Chuaigh an bhuíon ionsaithe isteach sa stáisiún gan aon thrioblóid, agus ní dhearna na Gardaí aon iarracht cur ina gcoinne. Chabhraigh na hóglaigh leis na Gardaí agus lena dteaghlaigh a gcuid earraí pearsanta agus a gcuid troscán a bhaint ón stáisiún, agus chuidigh siad le fear amháin a phianó a iompar amach ón áit nuair a luaigh an fear nach gcuirfeadh Aimiréalacht na Breataine cúiteamh ar fáil dó sa gcás ina scriosfaí é. Bhain na fir an pianó agus chuir siad in áit sábháilte é. Stealladh an stáisiún i bpairifín agus lasadh an tine. Nuair a bhí an tine lasta agus ag dó go maith, d'imigh na fir ar ais go Baile na Móna, sásta lena gcuid oibre. Dúirt John Gaynor, ó chomplacht Bhaile Brigín, gur luaigh duine de na Gardaí Cósta i mBaile Roiséir go raibh siad ag súil le teacht na n-óglach le tamall roimhe sin

Rinne Thomas Peppard agus Seamus Finn cur síos ar scéal an-chosúil ag Loch Sionnaigh. Bhí grúpa 20 fear ann agus iad armtha le gránghunnaí don chuid is mó. Nuair a tháinig an t-am, réab siad isteach an doras de rúid "mar a bheadh an diabhal ann" agus cé go raibh "iarracht ann ó cúpla Garda an fód a sheasamh", cuireadh faoi chois iad gan mórán stró sa deireadh. Cuireadh na Gardaí agus a dteaghlaigh amach ón stáisiún, a bhí déanta suas de cúpla teach agus roinnt stórtha. Arís, chabhraigh na fir leis na Gardaí a gcuid troscán a bhaint, ach rinneadh go tapa é an t-am seo ós rud é go raibh an stáisiún in aice Champaí Míleata Bhaile Mhic Gormáin agus Bhaile Choilín. Clúdaíodh an áit i bpairifín agus lasadh an tine. Dúirt Finn gur ghlac na Gardaí, a raibh anois gan dídean, leis an scéal "go stuama". In áit tabhairt faoin siúlóid 16 míle ar ais go Baile na Móna, ghlac na fir seilbh ar charr ag baint úsáide as a gcuid gránghunnaí.

I dtosach, ceapadh go mbeadh sé ródhainséarach ionsaí a dhéanamh ar stáisiún Garda Cósta na Sceirí toisc go raibh sé lonnaithe ar leithinis an Oileáin Rua. D'fhéadfadh sé a bheith deacair éalú sa gcás ina bhfágfaí na hóglaigh i ngaiste ar an leithinis. Thoiligh Michael Rock dul i mbun ionsaithe ar an stáisiún le fir óna bhriogáid féin. Bhraith sé go mbeadh a fhir raidhfil in ann tacaíocht chuí a sholáthar chun ligean dóibh éalú ón áit. Le cúnamh ó óglaigh ó na Sceirí agus ón Aill, chuaigh siad isteach sa stáisiún, chlúdaigh siad an áit le pairifín, agus bhris siad na fuinneoga agus na doirse chun go dtógfadh an tine i gceart. Níor chuir na Gardaí (a bhí iomlán gan airm) ina gcoinne. Ina dhaidh sin, luaigh Garda amháin le hiriseoir go ndúirt duine de na hóglaigh leo nach raibh aon locht pearsanta acu ar na Gardaí Cósta. Thóg an páirtí ionsaithe blaincéid agus roinnt teileascóip ón stáisiún ar ais ag an gcampa leo. Níor mhair an oibríocht iomlán ach thart ar 20 nóiméad.

Thacaigh fir ó chomplachtaí Fhine Gall, Sheantraibh agus Chionn Sáile le Thomas Markey ionsaí a dhéanamh ar stáisiún Garda Chósta Mhullach Íde/Phort Mearnóg ag Ballaí Robac. Bhí na hóglaigh armtha le cúpla raidhfil agus gránghunna, agus bhailigh siad peitril ó gharáiste i Mullach Íde. Ní raibh aon thrioblóid acu ag gabháil isteach sa stáisiún agus níor cuireadh ina gcoinne. Stáisiún mór a bhí i mBallaí Robac, le ceathrúna do dhaoine pósta, cróite agus stórtha. Arís, tugadh roinnt ama do na teaghlaigh a gcuid rudaí a chrochadh leo agus ligeadh amach go háit shábháilte iad. Clúdaíodh an áit i bpeitril agus cuireadh trí thine í. Baineadh an bratach a raibh in airde ar an gcrann os comhair an stáisiúin agus ardaíodh bratach na hÉireann ina áit.


Fothrach an Stáisiún Garda Cósta Bhaile Brigín 1923

Le caoinchead ón Bailiúchán Benton/Curtis

Staidéar Áitiúil agus Cartlann Fhine Gall

An lá dár gcionn, bhí ceannlínte ar nós "Stáisiúin an Gharda Cósta Scriosta", "Clampar i gCo. Átha Cliath" agus "Cósta Átha Cliath Trí Thine" le feiceáil sna páipéir. Dúradh sna meáin go raibh tinte fud fad chósta Átha Cliath feicthe ag daoine a raibh ag teacht isteach i Stáisiúin Shráid Amiens (Stáisiún Uí Chonghaile inniu) ar maidin. Luadh i ngach tuairisc, áfach, go raibh na ruathairí béasach agus iad ag plé leis na gardaí agus lena dteaghlaigh. Rinne iriseoir ó The Evening Herald cur síos ar an scéal i mbeagán focal nuair a dúirt sé go raibh na hóglaigh "dea-mhúinte ach daingean".

Ceithre lá ina dhiaidh sin, dódh stáisiún Garda Cósta Bhinn Éadair  Bhí Ned Reid i bhfeighil ar dheichniúr le linn an ionsaithe sin. Bhí roinnt breathnadóirí páirteach freisin, agus iad ag faireadh amach ar eagla go dtiocfadh freagairt ó Chonstáblacht Ríoga na hÉireann ag Dún Bhinn Éadair, a raibh suite thart ar cheathrú míle ón ait. Glacadh seilbh ar an stáisiún agus cuireadh an Gardaí faoi chois sula raibh siad in ann an t-aláram a thabhairt uathu. Cuireadh amach na Gardaí agus a dteaghlaigh agus lasadh tine san áit. Nuair a d'éalaigh na hÓglaigh, d'fhill na Gardaí Cósta ar an stáisiún agus d'éirigh leo na tinte a mhúchadh agus cuid mhór damáiste a sheachaint.

Ní dhearnadh aon ionsaí ar stáisiún Garda Cósta Bhaile Brigín toisc go raibh sé suite an-chóngarach do Dhún mór Chonstáblacht Ríoga na hÉireann i lár an bhaile. Bheadh sé ródheacair éalú ón áit tar éis ionsaithe dá bharr. Mar aon leis sin, bhí Campa Bhaile Mhic Gormáin, ina raibh Dúchchrónaigh lonnaithe, suite cúpla míle síos an bóthar. Faoi dheireadh, rinneadh buamáil ar stáisiún Bhaile Brigín agus dódh é ag deireadh na bliana 1923.

Faoi mhí Mheán Fómhair 1921, bhí éilimh dar luach £50,250 déanta ag Aimiréalacht na Breataine le Comhairle Contae Átha Cliath i ndáil leis na hionsaithe a rinneadh ar na stáisiúin éagsúla - Na Sceirí (9,900), Baile Roiséir (3,500), Port Reachrann (7,600), Mullach Íde (10,400), An Ros (9,500) agus Loch Sionnaigh (6,100). Níor tugadh aird ar aon cheann de na héilimh.

*"there was no hope of landing even a goat from Lambay Island, much less a consignment of arms, while these coastguard posts were there, brought the obvious reply from Mick "Well, wipe them out"*

Seamus Finn,Vice O/C 1st Eastern Division, IRA

## Obair amú

**Cé nár cuireadh in éadan na n-Óglach agus na Stáisiúin Garda Cósta á n-ionsú, tháinig casadh sa scéal nuair a sáinníodh an East Side ag an gcé i Hoboken, New Jersey mar gheall ar stailc oibre. Cé go raibh criú Éireannach ar bord na loinge, tháinig amhras ar bhall den chriú (nárbh Éireannach é) maidir leis na hearraí a raibh á lódáil ar bord. Nuair a d'oscail sé na málaí, chonaic sé bairille gunna agus chuir sé fios láithreach ar na póilíní, agus rinne na póilíní agus an FBI ionsaí ar an long trádála ar an 15 Meitheamh 1921. Taispeánann taifid na bpóilíní gur gabhadh 13 mhála ar an long, ina raibh 105 mheaisínghunna Thompson, 495 mheaisínghunna pacáilte i mboscaí, 289 mbosca piléarlann, cás beag cartús agus 175 bhosca ina raibh airm bheaga. Bhí na hionsaithe ar na stáisiúin Garda Cósta curtha i gcrích faoin tráth a tháinig an nuacht maidir leis an ionsaí go hÉireann, agus chuir sé an-díomá ar na fir i mbriogáid Fhine Gall agus an Oirthir. Dúirt Seamus Finn gur "bhain sé an ghaoth óna gcuid seolta". Cuireadh na gunnaí faoi ghlas sa Rannóg Póilíní i Nua-Eabhrac, agus tharla gur shroich na gunnaí céanna cósta na hÉireann faoi dheireadh na bliana 1925.**


Bleachtaire Beauty de phóilíní Hoboken le cuid de na gunnaí a gabhadh 1921

Montrose Daily Press, an 1 Iúil 1921

Le caoinchead ón Bailiúchán Nuachtáin Stairiúil Colorado

Seirbhísí Leabharlainne Colorado

Scartáil Stáisiún Garda Cósta Bhinn Éadair 1928

Le caoinchead ón tUasal Kevin Rickard

libraries.
fingal.ie